

## Réamhrá

Is atheagrú a thugtar ar an bpróiseas ina ndéantar faisnéis a cheilt agus an chuid eile den doiciméad nó den taifead ina bhfuil sí a fhágáil slán. Déantar é sin de ghnáth tríd an ábhar doiléir a 'bhlocáil amach' ach, mar a phléifear thíos, d'fhéadfadh cur chuige eile a bheith níos oiriúnaí, níos áisiúla nó níos éifeachtaí.

Is iomaí cás ina mbíonn sé riachtanach nó inmholta teorainn a chur le hábhar doiciméad nó comhad atá le foilsiú nó le nochtadh ar shlí eile. D'fhéadfadh faisnéis rúnda nó dílsithe a bheith i ndoiciméad a bhfuil inneachar neamhchospóideach ann nár cheart a nochtadh don fhaighteoir ná don phobal i gcoitinne. Is féidir le rialacha lena rialaítear rúndacht oifigiúil, pribhléid dhlíthiúil nó rúndacht ghairmiúil srian a chur le nochtadh faisnéise i gcoitinne nó le haicmí áirithe daoine.

I gcomhthéacs na cosanta sonraí, is é an cás is coitianta nach mór atheagrú a dhéanamh ar ábhar nuair a bhítear ag freagairt d'iarratas ar rochtain ábhair (nó 'SAR') faoi Airteagal 15 den GDPR. (Chun tuilleadh eolais a fháil ar SARs, féach leathanach gréasáin agus naisc an DPC [anseo](#).) Díreoidh an píosa seo, dá bhrí sin, ar atheagrú sa chomhthéacs sin.

## Iarrataí ar Rochtain Ábhair

I dtéarmaí ginearálta, foráiltear in Airteagal 15 den GDPR go bhféadfaidh duine ar leith ("ábhar sonraí") a bhfuil a shonraí pearsanta á bpróiseáil ag rialaitheoir sonraí nó thar a cheann cóip de na sonraí pearsanta sin a iarraidh agus a fháil. Má dhéanann an t-ábhar sonraí a iarraidh nó a hiarraidh trí mheán leictreonach (amhail ríomhphost, teachtaireacht téacs, nó trí thairseach gréasáin), ní mór don rialaitheoir na cóipeanna a chur ar fáil "i bhfoirm leictreonach a úsáidtear go coitianta", mura n-iarrann an t-ábhar sonraí a mhalairt.

Cuireann Airteagal 15(4) cáilíocht thábhachtach leis: ní dhéanfaidh ceart an ábhair sonraí cóip dá shonraí ná dá sonraí "dochar do chearta ná do shaoirsí daoine eile." Agus breithniú á dhéanamh ar cheart sonraí a nochtadh i gcomhréir leis na ceanglais faoi Airteagal 15(4), ní mór don rialaitheoir sonraí a bheith cúramach agus doiciméid á n-ullmhú aige le tabhairt chuig an ábhar sonraí chun nochtadh míchuí sonraí pearsanta aon duine eile a sheachaint. Is minic go mbíonn tagairt i ndoiciméid agus i dtaifid - cibé acu i bhfoirm leictreonach nó páipéir - de dhuine inaitheanta amháin nó go mbeadh ainm duine luaite, fiú mura bhfuil ann ach go fánach. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach doiciméid agus taifid a chur in eagar chun a chinntiú nach nochtfaidh freagra ar SAR sonraí pearsanta duine ar leith de thaisme.

## Prionsabail Ghinearálta

Ba cheart na prionsabail ghinearálta seo a leanas a chomhlíonadh cibé acu atá an doiciméad nó an taifead atá á leasú i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm páipéir.

1. **Bí ag obair ar chóip:** Níor chóir gur gá é seo a mhíniú ach is minic go ndéantar dearmad air. De réir sainmhínithe, baineann atheagrú le taifid a athrú chomh maith leis na sonraí ceilte a bhfuil gá leo ina bhfoirm bhunaidh chun críocha eile. Má oibríonn tú le cóip, beidh sé éasca aon bhotúin a cheartú.
2. **Bíodh a fhios agat cad leis a bhfuil tú ag obair:** Is gá tuiscint a fháil ar an gcúis, ar an struchtúr agus ar an téarmaíocht a úsáidtear i ndoiciméad nó i dtaifead sular féidir a bheith muiníneach go n-aithneoidh tú na sonraí pearsanta go léir ann i gceart. I gcás go leor cineálacha doiciméad, beidh sé sin simplí agus ní bheidh ort ach léamh tríd. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé a bheith deacair ar dhuine nach bhfuil cur amach aige/aici ar théarmaíocht ghairmiúil a aithint go cruinn cá ndéantar tagairt do dhaoine ar leith i dtuarascáil chasta. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh go mbeadh iliomad pointí sonraí i mbunachar sonraí a bhaineann le duine ar leith, ach ní fhéadfar iad go léir a nascadh go díreach le hainm an duine aonair. D'fhéadfadh aguisín nó innéacs a bheith i ndoiciméad nach dtugtar faoi deara. Ní mór don duine atá freagrach as freagra ar SAR a ullmhú a bheith eolach ar an ábhar atá á scrúdú chun an t-ábhar sonraí a aithint agus, chomh tábhachtach céanna, chun sonraí daoine eile a aithint.
3. **Coinnigh taifid:** Cuideoidh seicliosta d'atheagruithe atá le déanamh le botúin nó easnaimh a chosc. Déanfar gach leagan leasaithe de dhoiciméad chun críche ar leith, mar sin tá sé tábhachtach cur síos soiléir a choinneáil ar an méid a cuireadh in eagar (agus más féidir, cóip den doiciméad atheagraithe féin), chomh maith le taifead ar an gcúis a ndearnadh é a leasú agus ar a dháta cruthaithe agus seolta. Is féidir leis sin cabhrú freisin le haon díospóidí a bhaineann leis na hatheagruithe a réiteach.

## Doiciméid Pháipéir

Tá roinnt teicnící ann chun faisnéis a chur in eagar mar dhoiciméad cruachóipe:

- **Gearradh:** D'fhéadfá siosúr nó scian a úsáid chun codanna de dhoiciméad ina bhfuil faisnéis nach bhfuil le nochtadh a ghearradh amach. Ní bheidh sé seo éasca nó áisiúil i gcónaí, ach tá sé éifeachtach chun faisnéis a bhaint go buan.
- **Clúdach le téip:** Díolann stáiseanóireachtaí agus soláthraithe soláthairtí oifige téip ghreamaitheach atá daite - dubh nó bán de ghnáth - agus nach féidir feiceáil tríd. Bíonn leithid dhifriúla de théipeanna ann, rud a chlúdaíonn téacs de mhéideanna éagsúla go hiomlán.
- **Scríos de láimh:** Ná scriobláil thar théacs le peann gránbhiorach de bhrí go mbeidh an téacs thíos faoi fós inléite. Is féidir leacht ceartúcháin bán nó peann marcála dubh de leithead oiriúnach a úsáid chun téacs nár chóir a nochtadh a chlúdach. Ba cheart an doiciméad a fhótachóipeáil nó a scanadh lena sheiceáil toisc go bhféadfadh an téacs atá curtha in eagar a bheith inléite fós nuair a chuirtear an doiciméad os comhair solais.

Nuair a bheidh an fhaisnéis go léir atá le ceilt bainte nó clúdaithe go hiomlán, ba chóir duit fótachóip nó scanadh breise a dhéanamh ar an doiciméad atheagraithe lena chur ar fáil don ábhar sonraí.

## Doiciméid agus Taifid Leictreonacha

Mar is amhlaidh le doiciméid chruachóipe, is é an chéad tasc ná an fhaisnéis go léir atá le cur in eagar a aithint agus a aimsiú. Cabhróidh seicliosta le tascanna móra nó casta atheagraithe.

**Bain úsáid as feidhmeanna Cuardaigh go cúramach:** Tá feidhmeanna cuardaigh cabhrach chun focail nó ainmneacha áirithe a aithint i ndoiciméid, ach tá teorainneacha tábhachtacha acu. Ní fhéadfaidh na feidhmeanna seo gach cuid de dhoiciméad a scanadh, amhail táblaí ábhair nó tagairtí. Ní féidir leo faisnéis téacs atá stóráilte i bhfoirm íomhá a scanadh (e.g. grianghraf de theastas nó de dhoiciméad.) Ní féidir leo teacht ach ar an méid a deirtear leo a lorg, mar sin tá sé tábhachtach a chuimhneamh gur féidir ainmneacha a litriú go mícheart agus gur féidir tagairt a dhéanamh do dhaoine ar bhealaí éagsúla. D'fhéadfaí tagairt a dhéanamh i ndoiciméad do dhuine amháin ar bhealaí éagsúla – mar shampla 'Seán', 'An tUasal Ó Murchú', 'comharsa an Achomharcóra', 'mo sheanathair' nó fiú amháin trí inisealacha. Leagann sé seo béim ar an tábhacht a bhaineann le bheith eolach faoin doiciméad sula ndéantar cinneadh ar cheart é a atheagrú agus conas é sin a dhéanamh.

**Faisnéis cheilte:** Is iondúil go mbíonn i bhfad níos mó faisnéise ná mar a fheictear ar an scáileán i measc na gcomhad a tháirgtear trí fheidhmchlár próiseála focal, ríomhphoist ó chliaint, scarbhileoga, cláir láithreoireachta nó bunachair shonraí. Tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas faoi na cineálacha faisnéise is féidir a cheilt agus conas iad a aimsiú:

- **Ábhar folaithe:** Go minic bíonn áis i bhfeidhmchláir amhail scarbhileoga, bunachair sonraí agus feidhmchlár próiseála focal chun cuid d'ábhar na gcomhad a cheilt. D'fhéadfadh colúin, táblaí nó bileoga oibre folaithe a bheith i scarbhileoga agus i mbunachair sonraí, agus d'fhéadfadh stair athbhreithnithe, marcáil eagarthóireachta, tuairimí agus cineálacha eile faisnéise a bheith i gcomhaid doiciméad agus seans nach mbeadh siad soiléir láithreach.
- Is féidir **airíonna comhaid** a thaifeadh agus a stóráil le comhad leis an bhfeidhmchlár a chruthaigh é nó leis an gcóras oibriúcháin. Is féidir faisnéis a bheith iontu ar nós ainm an duine a chruthaigh nó a chuir an comhad in eagar, dátaí cruthaithe agus stair athbhreithnithe.
- **Meiteashonraí:** Dála airíonna na gcomhad, is féidir faisnéis mhionsonraithe a ghineann an feidhmchlár a chruthaigh iad, trí chórais oibriúcháin nó ó fhoinsí eile a bheith i roinnt cineálacha comhad. Mar shampla, is féidir le meiteashonraí ríomhphoist an t-am agus an dáta cruthaithe, seoladh ríomhphoist agus IP an tseoltóra, seoltaí na bhfaighteoirí agus an bealach ar seoladh chucu iad a thaispeáint. Cuireann roinnt fóin phóca agus ceamaraí meiteashonraí le comhaid lena n-áirítear ainm úsáideora an duine a ghlac grianghraf, an dáta agus an t-am, an suíomh - agus fiú na socruithe lionsa agus ceamara.

**Smaoinigh ar oibriú ó asphriontaí:** Trí úsáid a bhaint as asphriontaí páipéir de chomhaid leictreonacha nó de dhoiciméid leictreonacha, bíonn sé níos éasca uaireanta athbhreithniú agus cros-seiceáil a dhéanamh ar ábhar nár cheart a nochtadh.

**Nuair a bheidh an t-ábhar ar fad nár cheart a nochtadh aitheanta agat, ba cheart duit a bheith réidh le hatheagrú a dhéanamh.**

**Ná déan dearmad a bheith ag obair ar chóip:** Arís, ní féidir barraíocht béime a chur air sin. Ná glac rioscáil le sonraí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun críocha eile.

**Ná bí ag brath ar théacs a aibhsiú agus/nó é a athrú chun faisnéis a chur in eagar:** Cé go bhféadfadh codanna den doiciméad a bheith doléite ar an scáileán nó nuair a phriontáiltear é, ní dhéanfar difear d'ábhar an téacs, mar is féidir é a fheiceáil trína chóipeáil agus a ghreamú mar ghnáth-théacs isteach in eagarthóir téacs. Fiú má easpórtáiltear an t-ábhar athraithe nó má dhéantar é a 'phriontáil' go fíorúil chuig formáid dhifriúil amhail doiciméad PDF, d'fhéadfadh an téacs a bheith inléite nó seans gur féidir é a fháil ar ais fós.

**Cuir téacs eile in ionad an téacs atá le hatheagrú:** Is é an bealach is simplí chun téacs a leasú ná siombailí nó focail ar nós [ATHEAGRAITHE] nó [XXXXXXX] a chur ina ionad. Ní bheidh an téacs le feiceáil ansin, agus tabharfaidh sé léiriú soiléir ar an áit a ndearnadh an t-atheagrú.

**Easpórtáil chuig gnáthformáid téacs nó formáid CSV:** Is iad gnáth-théacs comhad athróige camógdheighilte (CSV) na formáidí is simplí ina ndéantar taifid leictreonacha a phróiseáil:

- Ní bhíonn ach téacs agus uimhreacha i **ngnáth-théacs**, leis an oiread is lú ábhar formáidithe amhail tábstopanna agus bristeacha líne. Baintear éifeachtaí cló freisin, mar shampla cló trom, cló iodálach, dathanna nó clónna nó méideanna éagsúla.
- Taispeánann **CSV** luachanna ó scarbhileoga nó ó bhunachair shonraí agus ní chuimsíonn sé foirmí ná crostagairtí. Tugtar ábhar gach sraithe i scarbhileog nó i dtábla i ngnáth-théacs, agus bíonn camóg ag scaradh luach gach colúin.

Trí dhoiciméad a easpórtáil ionas go gcuirfeadh in eagar é i gceann de na formáidí sin, is féidir ábhar folaithe a nochtadh nó a scriosadh, mar shampla táblaí folaithe, crostagairtí nó cineálacha éagsúla meiteashonraí. Is féidir é a atheagrú ansin ar bhealach níos éasca agus a bheith muiníneach go ndearnadh athbhreithniú ar an ábhar go léir.

